# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2023/909 ÓN gCOMHAIRLE

### an 25 Aibreán 2023

### maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam, a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 1 a bhaineann leis an sainmhíniú ar an gcoincheap "táirgí tionscnaimh" agus modhanna comhair riaracháin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam ([1]) ("an Comhaontú") i gcrích le Cinneadh (AE) 2020/753 ón gComhairle ([2]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2020.

(2) De bhun Airteagal 36 de Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú (Prótacal 1), féadfaidh an Coiste um Chustaim athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha Phrótacal 1agus togra a thíolacadh le haghaidh cinneadh a bheidh le glacadh ag an gCoiste um Thrádáil.

(3) De bhun Airteagal 17.1 den Chomhaontú, tá an Coiste um Thrádáil le cinntí a mheas agus a ghlacadh, i gcás ina bhforáiltear maidir leis sin sa Chomhaontú, maidir le haon ábhar a chuirfidh an Coiste um Chustaim faoina bhráid.

(4) Tá an Coiste um Thrádáil le Cinneadh a ghlacadh lena leasófar Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1.

(5) Tugadh isteach leasuithe an 1 Eanáir 2017 agus an 1 Eanáir 2022 i ndáil leis an ainmníocht atá faoi rialú an Choinbhinsiúin ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí ("CC"). Tá gá leis an gCinneadh sin chun Prótacal 1 agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis a thabhairt cothrom le dáta chun an leagan is déanaí de CC a léiriú.

(6) Níl aon choinníoll in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 maidir le táirgí cniotáilte nó cróiseáilte faoi Cheannteideal 6212 a mheas mar tháirgí leoroibrithe nó leorphróiseáilte. Ní féidir an riail atá i gCaibidil 62 inIarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 a chur i bhfeidhm maidir leis na táirgí sin, ós rud é go bhfuil an riail teoranta do tháirgí nach bhfuil cniotáilte ná cróiseáilte. Dá bhrí sin, ba cheart riail shonrach a chur isteach maidir le táirgí cniotáilte nó cróiseáilte faoi Cheannteideal 6212.

(7) Tá an t-oibriú nó an phróiseáil is gá le haghaidh táirgí a aicmítear i gCaibidil 41 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 le cur isteach sa cholún ábhartha san Iarscríbhinn sin.

(8) D'fhéadfaí an focal "aonair" sa tríú agus sa cheathrú coinníoll den oibriú nó den phróiseáil is gá le haghaidh táirgí a aicmítear i gCaibidil 19 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 a léiriú ar bhealaí éagsúla a mhéid a bhaineann le cion na n-ábhar atá i gCaibidil 4 agus le cion an tsiúcra. Chun an riail a shoiléiriú, tá an focal "aonair" le sciosadh sa dá chás.

(9) Le haghaidh na dtáirgí teicstíle atá aicmithe i gCaibidil 62 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1, ba cheart tagairt do na lamháltais a chur isteach sa cholún maidir le na rialacha malartacha éagsúla maidir leis an oibriú nó an phróiseáil is gá..

([1]) IO L 186, 12.6.2020, lch. 3.

([2]) Cinneadh (AE) 2020/753 ón gComhairle an 30 Márta 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam (IO L 186, 12.6.2020, lch. 1).

(10) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Chustaim agus sa Choiste um Thrádáil a bhunú, ós rud é go mbeidh Cinneadh an Choiste um Thrádáil ina cheangal ar an Aontas.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Choiste um Chustaim agus sa Choiste um Trádáil a bheith bunaither ar an Dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Chustaim agus sa Choiste um Thrádáil, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste um Chustaim agus sa Choiste um Thrádáil mioncheartuithe teicniúla ar an Dréachtchinneadh a chomhaontú gan aon cinneadh breise ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 25 Aibreán 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
P. KULLGREN

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. .../... ón gCoiste um Thrádáil**

**an ...**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1, a bhaineann leisan sainmhíniú ar an gcoincheap "táirgí tionscnaimh" agus modhanna comhair riaracháin**

TÁ AN COISTE UM THRÁDÁIL,

Ag féachaint don Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam , agus go háirithe Airteagal 36(1) de Phrótacal 1, agus Airteagal 17.1(3), pointe (c), dede,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 36(1) de Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shóisialach Vítneam ("an Comhaontú'), déantar foráil go bhféadfaidh an Coiste um Chustaim athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha Phrótacal 1 agus go bhfuil sé le togra le haghaidh cinneadh a thíolacadh chun Prótacal 1 a leasú, agus atá le glacadh ag an gCoiste um Thrádáil.

(2) Le hAirteagal 17.4(1) den Chomhaontú, déantar foráil go bhféadfaidh an Coiste um Thrádáil cinntí ceangailteacha a ghlacadh i gcás ina bhforáiltear maidir leis sin sa Chomhaontú.

(3) Tugadh isteach leasuithe an 1 Eanáir 2017 agus an 1 Eanáir 2022 i ndáil leis an ainmníocht atá faoi rialú an Choinbhinsiúin ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí ('CC'). Chomhaontaigh na Páirtithe sa Chomhaontú Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 , ina bhfuil an liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a leasú chun na leasuithe ar CC a léiriú.

(4) Níl aon choinníoll in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 maidir le táirgí cniotáilte nó cróiseáilte faoi Cheannteideal 6212 a mheas mar tháirgí leoroibrithe nó leorphróiseáilte. Ní féidir riail Chaibidil 62 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 a chur i bhfeidhm maidir leis na táirgí sin, ós rud é go bhfuil an riail teoranta do tháirgí 'nach bhfuil cniotáilte ná cróiseáilte'. Dá bhrí sin, ba cheart riail shonrach a chur isteach maidir le táirgí cniotáilte nó cróiseáilte faoi Cheannteideal 6212.

(5) Tá an t-oibriú nó an phróiseáil is gá le haghaidh táirgí a aicmítear i gCaibidil 41 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 le cur isteach sa cholún ábhartha san Iarscribhínn sin.

(6) D'fhéadfaí an focal 'aonair' sa tríú agus sa cheathrú coinníoll den oibriú nó den phróiseáil is gá le haghaidh táirgí atá aicmithe i gCaibidil 19 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 a léiriú ar bhealaí éagsúla a mhéid a bhaineann le hábhar na n-ábhar atá i gCaibidil 4 agus le cion an tsiúcra. Chun an riail a shoiléiriú, tá an focal 'aonair' le scriosadh sa dá chás.

(7) Le haghaidh na dtáirgí teicstíle aicmithe i gCaibidil 62 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1, ba cheart tagairt do na lamháltais a chur isteach sa cholún maidir le na rialacha malartacha éagsúla maidir leis anoibriú nó an phróiseáil is gá agus dá bhrí sin.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú a leasú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

Arna dhéanamh i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóvaicis, sa tSlóivéinis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris agus sa Vítneaimis, agus comhúdarás ag gach téacs.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil agus in Hanáí,

*Thar cheann an Choiste Trádála*
*Na Comhchathaoirligh*

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal 1 mar a leanas:

(1) sa ró a bhaineann le Ceannteideal CC "0305", cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún "Tuairisc ar an táirge":

"iasc, triomaithe, saillte nó faoi sháile; iasc deataithe,bíodh sé cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn nó ná bíodh";

(2) sa ró a bhaineann le Ceannteideal CC "ex 0306", cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún "Tuairisc ar an táirge":

"crústaigh, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, triomaithe, saillte nó faoi sháile; crústaigh dheataithe, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn nó ná bídís; crústaigh, sa bhlaosc, iad cócaráilte le gal nó beirithe in uisce, bídís fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile nó ná bídís;";

(3) sa ró a bhaineann le Ceannteideal CC "ex 0307", cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún "Tuairisc ar an táirge":

"moilisc, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, triomaithe, saillte nó faoi sháile; moilisc dheataithe, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn nó ná bídís;";

(4) sa ró a bhaineann le Ceannteideal CC "ex 0308", cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún "Tuairisc ar an táirge":

"inveirteabraigh uisceacha nach crústaigh ná moilisc iad, triomaithe, saillte nó faoi sháile; inveirteabraigh uisceacha deataithe, nach crústaigh ná moilisc iad, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó lena linn nó ná bídís; agus";

(5) idir an ró a bhaineann le Ceannteideal CC "ex 0308" agus an ró a bhaineann le "ex Caibidil 4", cuirtear an ró nua seo a leanas isteach:

| | | |
|---|---|---|
| "0309 | plúir, min agus millíní ó éisc, ó chrústaigh, ó mhoilisc agus ó inveirteabraigh uisceacha eile, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine | Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 3, agus iad á n-úsáid, faighte go hiomlán."; |

(6) sa ró a bhaineann le Ceannteideal CC "ex Caibidil 15", cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún "Tuairisc ar an táirge":

"Saillte agus olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha agus a dtáirgí scoilte; saillte inite ullmhaithe; céaracha ainmhíocha nó plandúla; cé is moite den mhéid seo a leanas:";

(7) sa ró a bhaineann le Ceannteideal CC "1516 agus 1517", cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún "Tuairisc ar an táirge":

"saillte agus olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha, agus a gcodáin, iad hidriginithe, idireistearaithe, atheistearaithe nó eilídinithe, go páirteach nó go hiomlán, bídís scagtha nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu;

margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shaillte nó d'olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha, nó de chodáin de shaillte nó d'olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas na saillte nó na holaí inite nó a gcodáin atá faoi Cheannteideal 1516;agus";

(8) sa ró a bhaineann le Ceannteideal CC "Caibidil 16", cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún "Tuairisc ar an táirge":

"Ullmhóidí ó fheoil, ó éisc, ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh uisceacha eile, nó ó fheithidí";

(9) sa ró a bhaineann le Ceannteideal CC 'Caibidil 19', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún 'Oibriú nó próiseáil is gá':

"Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, agus lena mbaineann na nithe seo a leanas:

— nach mó meáchan na n-ábhar faoi Chaibidlí 2, 3 agus 16 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh;

— nach mó meáchan na n-ábhar atá faoi Cheannteidil 1006 agus 1101 go 1108 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh;

— nach mó meáchan na n-ábhar faoi Chaibidil 4 a úsáidtear lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh;

— nach mó meáchan an tsiúcra a úsáidtear lena linn ná 40 % de mheáchan na dtáirgí deiridh; agus

— nach mó ná 50% de mheáchan an tairge deiridh meachán comhcheangailte an tsiúcra agus na n-ábhar faoi Chaibidil 4 a úsáidtear lena linn."

(10) sa ró a bhaineann le ceannteideal 'ex Caibidil 24', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún 'Tuairisc ar an táirge':

'Tobac agus ionadaigh tobac mhonaraithe; táirgí, bíodh nicitín iontu nó ná bíodh, atá ceaptha lena n-ionanálú gan dóchán; táirgí eile a bhfuil nicitín iontu atá beartaithe chun nicitín a iontógáil i gcorp an duine; cé is moite den mhéid seo a leanas:';

(11) sa ró a bhaineann le ceannteideal '2401', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún 'Tuaraisc ar an táirge':

'Tobac neamh-mhonaraithe; iarmhar tobac;';

(12) idir an ró a bhaineann le ceannteideal 'ex 2402' agus an ró a bhaineann le Ceannteideal 'ex Caibidil 25', cuirtear na rónna seo a leanas isteach:

| | | |
|---|---|---|
| '2404 12 | táirgí atá ceaptha lena n-ionanálú gan dóchán, nach bhfuil tobac ná tobac athdhéanta iontu, agus a bhfuil nicitín iontu; | Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha; nó<br><br>monarú nach mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn. |
| ex 2404 19 | cartúis agus athlíonta, iad líonta le haghaidh toitíní leictreonacha; | Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha; nó<br><br>monarú nach mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn. |
| 2404 91 | Táirgí eile seachas táirgí atá ceaptha lena n-ionanálú gan dóchán, lena n-úsáid de bhéal; agus | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é, agus lena mbaineann na nithe seo a leanas:<br>— nach mó meáchan aonair na n-ábhar faoi Chaibidil 4 a úsáideadh lena linn ná 20 % de mheáchan an táirge deiridh;<br>— nach mó meáchan aonair an tsiúcra a úsáideadh lena linn ná 40 % de mheáchan an táirge deiridh; agus<br>— nach mó meáchan carntha iomlán an tsiúcra agus na n-ábhar faoi Chaibidil 4 a úsáideadh lena linn ná 50 % de mheáchan an táirge deiridh. |

| | | |
|---|---|---|
| 2404 92,<br>2404 99 | táirgí eile seachas táirgí atá ceaptha lena n-ionanálú gan dóchán, lena n-úsáid go trasdeirmeach agus ar bhealaí eile seachas úsáid de bhéal. | Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha; nó<br>monarú nach mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn'; |

(13) cuirtear naró seo a leanas isteach idir an ró a bhaineann le ceannteideal 'ex Caibidil 38' agus an ró a bhaineann le ceannteideal '3824 60':

| | | |
|---|---|---|
| 'ex 3816 | meascán pulctha dolaimíte | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é; nó<br>monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn ná 70 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha. |
| ex 3822 | fearais tástála diagnóisí maláire<br>táirgí imdhíoneolaíocha, nach bhfuil measctha, ná cóirithe ina ndáileoga tomhaiste ná i bhfoirmeacha nó i bpacáistí lena miondíol<br>táirgí imdhíoneolaíocha, iad measctha, nach bhfuil cóirithe ina ndáileoga tomhaiste ná i bhfoirmeacha ná i bpacáistí lena miondíol<br>táirgí imdhíoneolaíocha, iad cóirithe ina ndáileoga tomhaiste nó i bhfoirmeacha nó i bpacáistí lena miondíol<br>imoibrithe grúpála fola | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal.'; |

(14) sa ró a bhaineann le Ceannteideal CC 'ex Caibidil 41', cuirtear an téacs seo a leanas sa cholún 'Oibriú nó Próiseáil is gá':

'Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é';

(15) sa ró a bhaineann le Ceannteideal CC 'ex Caibidil 62', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún 'Oibriú nó Próiseáil is gá':

'Fíodóireacht lena ngabhann cur le chéile (lena n-áirítear gearradh) [(3), (5)]; nó

cur le chéile i ndiadh priontáil lena ngabhann dhá oibríocht ullmhúcháin nó bailchríche ar a laghad (amhail sciúradh, tuaradh, meirsiriú, teaschóiriú, ardú, cleandrú, próiseáil fhrithchrapthach, bailchríochnú buan, díchaitiú, tuile, deisiú agus díshnaidhmeadh), ar choinníoll nach mó ná 47,5 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha luach na fabraice neamhphriontáilte a úsáideadh [(3), (5)]';

(16) idir an ró a bhaineann leis na Ceannteidil CC 'ex 6202, ex 6204, ex 6206, ex 6209 agus ex 6211' agus an ró a bhaineann leis na Ceannteidil CC 'ex 6210 agus ex 6216', cuirtear na rónna a leanas isteach:

| | | |
|---|---|---|
| 'ex 6212 | Cíochbhearta, sursaingí, cóirséid, guailleáin, crochóga, gairtéir agus baill éadaigh chomhchosúla agus codanna díobh, iad cniotáilte nó cróiseáilte | |

| | | |
|---|---|---|
| | — A fhaightear trí dhá cheann nó níos mó de phíosaí fabraice cniotáilte nó cróiseáilte a fhuáil le chéile nó a chóimeáil ar shlí eile, agus iad gearrtha de réir crutha, sin nó faighte de réir crutha | Cniotáil agus cur le chéile (lena n-áirítear gearradh). [7] [10] |
| | — Eile | Sníomh snáithíní stáplacha nádúrtha agus/nó de dhéantús an duine nó easbhrú snátha filiméid de dhéantús an duine, lena ngabhann cniotáil i ngach cás (táirgí cniotáilte de réir crutha)<br>nó<br>Ruaimniú snátha as snáithíní nádúrtha lena ngabhann cniotáil (táirgí cniotáilte de réir cruthaf). [10]'; |

(17) sa ró a bhaineann le Ceannteideal CC '6306', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún 'Tuairisc ar an táirge':

'Tarpóil, scáthbhrait agus dallóga gréine; pubaill (lena n-áirítear téastair shealadacha agus earraí comhchosúla); seolta le haghaidh bád, cláir seoil nó árthaí talún; earraí campála';

(18) sa ró a bhaineann le Ceannteideal CC '7019', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún 'Tuairisc ar an táirge':

'snáithíní gloine (lena n-áirítear olann ghloine) agus earraí déanta astu sin (mar shampla, snáth, caisirníní, fabraicí fite);'

(19) sa ró a bhaineann le ceannteideal CC '8539', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún 'Tuairisc ar an táirge':

'lampaí filiméid nó lampaí díluchtaithe leictreacha, lena n-áirítear aonaid lampa léis-séalaithe agus lampaí ultraivialait nó infridhearga; arclampaí; foinsí solais dé-óide astaithe solais (LED);';

(20) sa ró a bhaineann le ceannteideal '8547', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún 'Tuaraisc ar an táirge':

'Feistis inslithe le haghaidh meaisíní leictreacha, fearais nó trealamh, ar feistis iad nach bhfuil iontu ach ábhair inslithe seachas aon mhion-chomhpháirt miotail (mar shampla, soicéid snáithithe) a ionchorpraíodh le linn a mhúnlaithe chun críoch cóimeála amháin, seachas inslitheoirí faoi cheannteideal 8546; feadánra seolphíobáin leictreach agus ailt dóibh, déanta as táirmhiotail líneáilte le hábhar inslithe;' ;

(21) sa ró a bhaineann le Ceannteideal CC '8548', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún 'Tuairisc ar an táirge':

'páirteanna leictreacha d'innealra nó de ghairis, nach sonraítear ná nach n-áirítear aon áit eile sa Caibidil seo; agus';

(22) cuirtear an ró seo a leanas isteach idir an ró a bhaineann le Ceannteideal CC '8548' agus an ró a bhaineann le Ceannteideal CC 'ex Caibidil 86':

| | | |
|---|---|---|
| '8549 | Fuíoll agus dramhaíl leictreach agus leictreonach. | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é; nó monarú nach mó ná 50 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha é luach na n-ábhar uile a úsáidtear lena linn.'; |

(23) cuirtear an ró nua seo a leanas isteach idir an ró a bhaineann le ceannteideal ‘9002’ agus an ró a bhaineann le ceannteideal ‘Caibidil 91’:

| | | |
|---|---|---|
| ‘ex 9021 | Ábhair le haghaidh fearas ortaipéidice nó bhristeacha agus le haghaidh feistiú fiaclóireachta:<br>— Tairní, greamanna, bioráin ordóige, tairní rocacha, stáplaí (seachas na stáplaí atá faoi cheannteideal 8305) agus earraí comhchosúla, as iarann nó as cruach, bíodh cnogaí ó ábhar eile orthu nó ná bíodh, ach gan earraí den chineál sin a bhfuil cnogaí copair orthu a áireamh<br>— Earraí snáithithe agus earraí neamh-shnáithithe déanta as iarann nó cruach, seachas scriúnna cóiste, scriúnna adhmaid, scriúchrúcaí agus scriúfháinní, leicneáin sprionga agus leicneáin glasála eile, seamanna | Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. |
| | — Tíotáiniam agus earraí tíotáiniam, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl | Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal.’; |

agus

(24) sa ró a bhaineann le Ceannteideal CC ‘Caibidil 94’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún ‘Tuairisc ar an táirge’:

‘Troscán; cóir leapa, tochtanna, tacaí tochta, cúisíní agus feistis líonta dá samhail; aonaid soilsithe agus feistithe soilsithe, nach bhfuil sonraithe ná curtha san áireamh aon áit eile; comharthaí soilsithe, ainmchláir shoilsithe agus a leithéidí; foirgnimh réamhdhéanta’.